

Meán Fómhair 2023

Maidir le: Vacsaín Shrónach Fliú

A Thuismitheoir/a Chaomhnóir, a chara,

Sa phacáiste seo gheobhaidh tú eolas faoin vacsaín shrónach fliú. Léigh an t-eolas, le do thoil, comhlánaigh an fhoirm toilithe agus seol ar ais sa chlúdach litreach atá curtha ar fáil.

Moltar an vacsaín fliú do gach leanbh idir 2-12 bliana d'aois agus leanaí 13-17 mbliana d'aois atá i mbaol an fhlú. I mbliana tá an vacsaín fliú á thairiscint ag roinnt leanaí ar scoil ag foirne vacsaínithe FSS. Fluenz Tetra a thugtar ar an vacsaín atá á tairiscint do do leanbh. Is vacsaín shábháilte agus éifeachtach í a thugtar mar sprae sróine.

Na nithe a gheobhaidh tú leis an litir seo

- Bileoga eolais faoin vacsaín agus faoin ngalar a choisceann siad. Léigh an t-eolas seo go cúramach le do thoil agus is féidir leat iad a úsáid freisin chun na vacsaíní seo a phlé le do leanbh.
- Foirm toilithe le haghaidh vacsaínithe.
 - Comhlánaigh an fhoirm toilithe le do thoil.
 - Seol an fhoirm seo ar ais sa chlúdach litreach a cuireadh ar fáil ar a laghad 2 sheachtain sula dtosaíonn na vacsaínithe.
 - Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú i mBLOCLITREACHA le peann agus í sínithe ag an tuismitheoir nó caomhnóir.

Conas cabhrú le do pháiste ar lá an vacsaínithe

Ar lá an vacsaínithe, déan cinnte le do thoil go mbeidh an méid seo a leanas déanta ag do pháiste:

- Go bhfuil bricfeasta ite aige nó aici
- Go dtógann sé nó sí an cárta taifid vacsaínithe nó an pas imdhionta ar scoil, má tá a leithéid aige nó aici.

Déan teagmháil le foireann vacsaínithe FSS le do thoil roimh vacsaíniú a fháil do do leanbh má thagann aon athrú ar shláinte do linbh.

Tabhair cuairt ar www.hse.ie/flu chun tuilleadh eolais a fháil faoin vacsaín seo agus chun sonraí teagmhála fhoireann vacsaínithe FSS a fháil.

Mise, le meas,



An Dr Lucy Jessop
Comhairleach i Míochaine Sláinte Poiblí – Ceannaire Náisiúnta Imdhionta
An Oifig Náisiúnta Imdhionta
MRCN 424447